# Céim Chun Tosaigh

## Ag Obair le Gaeilge

**Pacáiste gairmthreorach do dhaltaí scoile atá sa tsraith shinsearach ag an dara leibhéal.**

# Irisleabhar







Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge

Breis eolais ar fáil ar
www.gaelport.com/ceimchuntosaigh

# Fáilte

Tá míle fáilte romhat chuig *Céim Chun Tosaigh: Ag Obair le Gaeilge,* pacáiste gairmthreorach do dhaltaí scoile atá sa tsraith shinsearach ag an dara leibhéal.



San fhíseán seo pléitear líon agus éagsúlacht na bpost atá ann le Gaeilge i réimsí éagsúla oibre; sna healaíona, sna meáin chumarsáide, sna teangacha, sa dlí agus i gcúrsaí gnó. Labhraíonn ceannródaithe atá i mbarr a ngairmréime linn agus tugtar leideanna maidir leis na bealaí is fearr gairm bheatha fhiúntach thaitneamhach a bhaint amach in Éirinn agus thar sáile.

San irisleabhar tá an cur síos is déanaí ar staid reatha na ngairmeacha beatha éagsúla, na scileanna atá ag teastáil ó fhostaithe sa saol oibre inniu agus na hacmhainní is mó a rachaidh chun tairbhe d'iarrthóirí atá ag lorg slí bheatha ina n-úsáidtear Gaeilge. Chomh maith leis sin, tá tuilleadh acmhainní ar fáil ar www.gaelport.com/ceimchuntosaigh.

Smaoinigh ar an bhfís atá agat agus tá gach seans go gcuideoidh an Ghaeilge go mór leat an fhís sin a bhaint amach!

*Seo do chéim chun tosaigh.*

*Sibéal Davitt agus Ciarán Charles Ó Conghaile*
Láithreoirí Céim Chun Tosaigh.

## Foireann

Tionscadal arna bhainistiú ag Brígíd Ní Ghríofa agus Saffron Rosenstock; Eagarthóir na hIrise, Niamh Ní Shúilleabháin; Taighdeoir na hIrise, Niamh Ní Fhionnghasa; Láithreoirí, Ciarán Charles Ó Conghaile agus Sibéal Davitt; Foireann Léiriúcháin - Red Shoe Productions, Maggie Breathnach agus Paschal Cassidy.

Is le cúnamh maoinithe ó Fhoras na Gaeilge, ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, agus ó Líonraí Proifisiúnta Múinteoirí a chuir Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge agus Comhar na Múinteoirí Gaeilge an áis teagaisc seo ar fáil.

# Elaine Ní Bhraonáin

## Teagascóir Gaeilge i Nua-Eabhrac

Is é an bealach is traidisiúnta tabhairt faoin gcineál seo oibre ná céim ollscoile a bhaint amach sa Ghaeilge agus tá gach seans ann go mbeadh an Léann Ceilteach oiriúnach mar ábhar freisin.

Leis an bpost atá ag Elaine, tá an-bhaint aici leis an bpobal agus dá bhrí sin moltar go ndéanfaí cúrsa cumarsáide trí mheán na Gaeilge nó cumarsáid agus Gaeilge. Bheadh sé ina chabhair taithí a fháil mar cheannaire ar chúrsa Gaeilge sa Ghaeltacht nó mar theagascóir ranganna do mhic léinn a bhfuil suim acu sa Ghaeilge.

Bíonn deiseanna eile dul thar sáile tar éis na hollscoile leis an gClár Fulbright um chúntóireachtaí múinteoireachta i dteangacha iasachta. Tugann an clár seo an deis do chéimithe an Ghaeilge a mhúineadh sna Stáit Aontaithe. Tá clár mar sin i bhfeidhm i gCeanada freisin.

Moladh eile atá ann ná taighde a dhéanamh faoi Theastas Eorpach na Gaeilge (TEG). Bronntar an cháilíocht sin ar dhaoine fásta a bhíonn ag staidéar na Gaeilge. Bíonn éileamh ar theagascóirí Gaeilge ar fud an domhain agus is minic na ranganna a bheith bunaithe ar ábhar an teastais.

## Áiseanna ar líne:

- www.cogg.ie: acmhainn maidir le múineadh na Gaeilge i scoileanna.
- www.teachingcouncil.ie: an Chomhairle Mhúinteoireachta. Bíonn an t-eolas go léir acu maidir leis na cúrsaí atá oiriúnach do mhúinteoireacht in Éirinn.
- www.gaelport.com/foluntais: deiseanna fostaíochta in Éirinn agus thar sáile.
- www.comhar.ie: eolas agus áiseanna do mhúinteoirí.
- www.teg.ie: breis eolais maidir le Teastas Eorpach na Gaeilge.
- www.fulbright.ie: suíomh gréasáin oifigiúil Choimisiún Fulbright.
- www.icuf.ie: fondúireacht Ollscoil Éireann Cheanada.



## Oideachas

Gairm bheatha dhúshlánach chruthaitheach atá i ndán dóibh siúd a théann le múinteoireacht. Bíonn múinteoirí ag teastáil ó bhunscoileanna, ó iar-bhunscoileanna, ó na coláistí breisoideachais agus ó na coláistí tríú leibhéal. Ina theannta sin, bíonn teagascóirí Gaeilge á lorg ag ollscoileanna thar sáile agus in Éirinn chun freastal ar an éileamh atá ann ar ranganna Gaeilge.

Ag gach aon leibhéal oideachais caithfidh an múinteoir ceachtanna, léachtaí, ranganna teagaisc nó ceardlanna a phleanáil agus a chur i gcrích.

Ba chóir do mhúinteoir bheith ar aon intinn leis na daltaí agus a bheith in ann timpeallacht foghlama spreagúil a chur ar fáil. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh measúnú agus monatóireacht ar siúl gach aon lá.


# Conall Ó Máirtín
## Múinteoir Gaelscoile

Tá éileamh ar mhúinteoirí a bhfuil Gaeilge líofa acu i dtuaisceart agus i ndeisceart na tíre. Tabhair faoi deara go bhfuil gá le dioplóma gairmiúil san oideachas do phoist mhúinteoireachta i scoileanna na tíre.

Tá an teastas iarchéime san oideachas ar fáil in ollscoileanna sa deisceart agus tá an cúrsa ar fáil trí mheán na Gaeilge i nGaillimh. Ó thuaidh, tá deiseanna ann teastas iarchéime san oideachas a bhaint amach in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste.

Ní gá céim sa Ghaeilge a bheith ag múinteoirí gaelscoile ach caithfidh Gaeilge líofa a bheith acu, mar sin tá cleachtadh de dhíth.

Ní gá teicneolaíocht an eolais a dhéanamh mar bhunchéim ach an oiread, d'fhéadfaí iarchéim a dhéanamh san ábhar sin. Más ag smaoineamh ar mhúinteoireacht atá tú ba chóir smaoineamh ar dhá ábhar ar leith a roghnú san ollscoil sa mhéid go mbíonn deiseanna fostaíochta níos fearr ann do chéimithe a bhfuil an saineolas sin acu.



### Áiseanna ar líne:

- www.gaelscoileanna.ie: eolas ar an ngaelscolaíocht.
- www.comhairle.org: eolas mar gheall ar an ngaelscolaíocht i dTuaisceart Éireann.
- www.cogg.ie: acmhainní teagaisc agus seirbhísí taighde.
- www.gtcni.org.uk: an Chomhairle Mhúinteoireachta Ghinearálta do Tuaisceart na hÉireann.
- www.deni.gov.uk: an Roinn Oideachais, Tuaisceart Éireann.
- www.teachingcouncil.ie: an Chomhairle Mhúinteoireachta.
- www.education.ie: an Roinn Oideachais agus Scileanna.
- www.gaelport.com/cursai: cur síos ar chúrsaí agus ar ranganna Gaeilge ag gach leibhéal.

### Scileanna:

- foighne
- scileanna cumarsáide
- scileanna ríomhaireachta
- solúbthacht
- éisteacht ghníomhach
- iontaofacht
- spreagadh
- gairmiúlacht.

# Ciara Roosli
## Comhordaitheoir Gaeilge

Úsáidtear straitéisí margaíochta chun táirgí a fhógairt agus a phacáistiú i slí a mheallfaidh custaiméirí. Is iomaí bealach atá ann oiliúint a fháil ar na scileanna agus an saineolas atá á lorg don phost sa réimse oibre seo.
Cuireann roinnt institiúidí oideachais cúrsaí ar fáil arb í an mhargaíocht an t-ábhar is mó iontu, ach tá cúrsaí eile níos ginearálta ann ina bhfuil ábhair ghnó eile á múineadh.

Ná déan dearmad go bhfuil borradh faoi mhargaíocht dhigiteach ar líne, mar sin bheadh dúil sna ríomhairí mar bhuntáiste chomh maith. Buntáiste breise a bheadh ann teanga a fhoghlaim ag an am céanna.




## Áiseanna ar líne:

- www.mii.ie: Institiúid Mhargaíochta na hÉireann.
- www.gaeilge.ie: tugann siad tacaíocht do chomhlachtaí a bhíonn ag iarraidh gnó a dhéanamh trí Ghaeilge.
- www.marketing.ie: irisleabhar faoi mhargaíocht in Éirinn.
- www.udaras.ie: tugann siad cúnamh do ghnóthaí sa Ghaeltacht.
- www.slss.ie: reáchtálann siad comórtas do mhionchomhlachtaí ar scoil.
- www.mii.ie: tá an cúrsa 'Step into Marketing' ar fáil ar líne do dhaltaí san Idirbhliain agus san Ardteistiméireacht Fheidhmeach.

## Scileanna:

- cruthaitheacht
- feasacht gnó
- scileanna ríomhaireachta
- fócas ar chustaiméirí
- solúbthacht
- bainistiú ama
- spreagthacht.

## Bainistíocht agus Gnó

Bíonn éileamh ann i gcónaí ar dhaoine a bhfuil scileanna maithe cumarsáide acu i measc lucht gnó. Mar sin is minic a bhíonn an Ghaeilge á húsáid i bhfeachtais fógraíochta, in ábhar margaíochta agus mar uirlis ag comhlachtaí atá ag iarraidh caidreamh níos fearr a chothú le pobal na Gaeilge.

Moltar do dhaoine a bhfuil suim acu sa ghnó agus sa Ghaeilge céim ar leith a dhéanamh ina bhfuil an cúrsa á chur ar fáil trí mheán na Gaeilge. Faoi láthair tá cúrsaí mar sin ar fáil ó Fiontar in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; ó Ollscoil Uladh; ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus ó Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Dún na nGall.

Chomh maith leis sin, cuireann roinnt de na hollscoileanna cúrsaí páirtaimseartha sa Ghaeilge ar fáil i rith na bliana.

# Joanne Uí Chuana
## Stiúrthóir Naíonra

Is éard is brí le bainistíocht ná daoine a tharraingt lena chéile chun aidhmeanna a bhaint amach. Tá baint ag bainistíocht leis na nithe seo: pleanáil, eagrú, soláthar acmhainní, treorú nó stiúradh, agus eagraíocht a rialú chun aidhmeanna na heagraíochta a bhaint amach.

I ngach eagraíocht bíonn bainisteoirí maithe éifeachtacha á lorg agus is fíor sin i gcás eagraíochtaí agus gnólachtaí a bhíonn ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge.

Ní gá gnó a dhéanamh mar bhunchéim. Tá roinnt cúrsaí iarchéime ar fáil freisin i mbainistíocht agus i ngnó. Tá de rogha ag céimithe atá ag freastal ar chúrsaí áirithe modúil a dhéanamh in ábhair eile le linn an chúrsa.

Is fiú taithí oibre a lorg in eagrais Ghaeilge nó le gnólachtaí atá lonnaithe sa Ghaeltacht más suim leat tuilleadh eolais a fháil ar chúraimí an bhainisteora.



## Áiseanna ar líne

- www.gaeilge.ie: tugtar tacaíocht do chomhlachtaí.
- www.udaras.ie: tugtar tacaíocht do bhunú na ngnóthaí.
- www.naionrai.ie: eolas mar gheall ar naíonraí.
- www.fectac.ie: cúrsaí FETAC atá bainteach le cúram leanaí.
- www.gaelport.com/foluntais: cur síos ar fholúntais agus poist san earnáil.

## Scileanna:

- ceannasaíocht
- díriú intinne
- scileanna riaracháin
- cumarsáid
- áitiú
- éisteacht ghníomhach
- ionbhá
- tarmligean feidhmeanna
- iontaofacht
- smaointeoireacht straitéiseach.

# Micheál Ó Leidhin

Iriseoir

Arís, níl sé greanta i gcloch an bealach is fearr le tabhairt faoi phost sna meáin. Éiríonn le fostaithe de bharr go bhfuil paisean, na scileanna agus an phearsantacht cheart acu.

Tá cáilíocht tríú leibhéal ina chabhair agus tá cúrsaí ar fáil ar fud na tíre. Ina measc tá cúrsaí cumarsáide agus iriseoireachta á dtairiscint trí Ghaeilge ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Gaillimh; Ollscoil Luimnigh; Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; Ollscoil Uladh; An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Instituid Teicneolaíochta Átha Cliath.

Anuas air sin, tá an deis ag mic léinn staidéir chumarsáide a dhéanamh mar chuid de chéim sna dána. Gan amhras rachaidh an Ghaeilge chun tairbhe duit mar iriseoir sa mhéid go mbeidh tú in ann freastal ar na meáin Bhéarla agus Ghaeilge.

## Áiseanna ar líne:

- www.raidiofailte.ie/ www.rrr.ie/ www.raidionalife.ie: faigh taithí oibre leis na stáisiúin raidió.
- www.gael-linn.ie: glac páirt sa chomórtas clár raidió a bhíonn acu.
- www.gaelport.com: eolas agus nuacht na Gaeilge gach lá.
- www.beo.ie: iris ar líne do lucht na Gaeilge.
- www.foinse.ie: príomhnuachtán náisiúnta na Gaeilge (Irish Independent).
- www.gaelsceal.ie: príomhnuachtán náisiúnta na Gaeilge.

## Scileanna:

- cumarsáid
- scileanna ríomhaireachta
- solúbthacht
- scileanna eagrúcháin
- tionscnaíocht



- obair bhuíne
- spreagthacht
- gairmiúlacht
- iontaofacht.

## Cumarsáid

Níl teorainn ar bith leis an éileamh atá ar na meáin agus tá ról thar a bheith tábhachtach ag na meáin sa saol inniu. Is fíor sin i gcás na Gaeilge freisin agus tá na meáin chlóite, na meáin chraolta agus na meáin úra faoi bhláth in Éirinn.

Le forbairt na meán úr tá cúlú ar bun sna meáin chlóite, ach is í an chomhairle is fearr ná oiliúint a fháil sna scileanna éagsúla a bhíonn ag teastáil sna réimsí oibre seo.

Más fíor go bhfuil borradh faoi na meáin chumarsáide, tá dhá oiread níos mó tionchair ag comhlachtaí caidrimh preasa ar an teachtaireacht atá á craobhscaoileadh. Ciallaíonn sé sin go mbíonn tóir ar shaineolaithe sa chaidreamh poiblí.

# Pat O'Connor

## Preasoifigeach

Tá sé de chúram ar an bpreasoifigeach tionchar a imirt ar chlú agus ar cháil an duine sna meáin chumarsáide. Bíonn sé mar aidhm ag na daoine a oibríonn san earnáil seo tuiscint a fháil ar mheon an phobail chomh maith le tionchar a imirt ar thuairimí an duine.

Is fearr cúrsaí a bhfuil baint acu le cumarsáid phoiblí nó le caidreamh poiblí a roghnú don ghairm seo. Agus mar atá luaite i bpróifíl Mhichíl, tá dornán cúrsaí a bhíonn á dtairiscint trí mheán na Gaeilge ag ollscoileanna ar fud na tíre.

An bealach is fearr tuiscint a fháil ar chúraimí sa réimse seo ná taithí oibre a fháil le comhlacht caidrimh phoiblí nó sna meáin chumarsáide agus snas a chur ar do chuid scileanna cumarsáide.




### Áiseanna ar líne

- www.prii.ie: Institiúid Chaidreamh Poiblí na hÉireann.
- www.military.ie: Óglaigh na hÉireann.
- www.gael-linn.ie: comórtais Ghael Linn.
- www.rrr.ie / www.raidionalife.ie: stáisiúin raidió a chraolann trí Ghaeilge.
- www.cogar.ie: an tseirbhís dhigiteach do chraoltóirí raidió le Gaeilge.
- www.gaelsceal.ie/ www.foinse.ie: príomhnuachtáin náisiúnta na Gaeilge.

### Scileanna:

- cumarsáid
- éisteacht ghníomhach
- áitiú
- léiriú measa
- ceannasaíocht
- fadhbréiteach

# Vivienne Breathnach
## Dlítheangeolaí

Tá aitheantas oifigiúil ag an nGaeilge mar theanga oifigiúil san Aontas Eorpach agus dá bhrí sin caithfidh na dlíthe go léir bheith ar fáil i nGaeilge. Bíonn obair theicniúil dhúshlánach ar bun ag an dlítheangeolaí. Bíonn sé de dhualgas ar an té seo reachtaíocht a aistriú go teangacha éagsúla agus breathnú i dtaobh téacsanna lena chinntiú go bhfuil an bhrí cheart acu de réir an dlí. Ní mór dóibh cáilíocht a bheith acu sa dlí agus dhá theanga Eorpacha a bheith ar a dtoil acu.

Is féidir tabhairt faoi chúrsa sa dlí ag an tríú leibhéal le tuiscint a fháil ar an dlí agus tá cúrsaí fochéime ar fáil ina bhfuil an dlí agus an Ghaeilge mar ábhair iontu in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.

Tar éis na hollscoile, tá cead ag céimithe tabhairt faoi scrúduithe iontrála Dhlí-Chumann na hÉireann más mian leo tabhairt faoi ghairm bheatha mar aturnae. Cuireann Óstaí an Rí scrúduithe ar fáil dóibh siúd ar mhian leo cáilíocht a bhaint amach mar abhcóide. Cuireann siad cúrsaí ar fáil sa dlítheangeolaíocht agus aistriúchán ar cháipéisí dlí gach bliain do chéimithe freisin.

### Áiseanna ar líne:

- www.kingsinns.ie: Óstaí an Rí (abhcóidí).
- www.europa.eu/epso/index_en.htm: seirbhís earcaíochta an Aontais Eorpaigh.
- www.curia.europa.eu/: Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.
- www.lawsociety.ie/: Dlí-Chumann na hÉireann (aturnaetha).
- www.lawlibrary.ie: Comhairle Bharra na hÉireann.

### Scileanna:

- neamhspleáchas
- scileanna ríomhaireachta
- bainistiú ama
- gairmiúlacht



- cumarsáid
- cruinneas teanga.

### Dlí

Tá athrú mór tagtha ar ghairmeacha beatha sa réimse oibre seo le tamall anuas agus tá níos mó deiseanna ann do dhaoine a bhfuil spéis acu i gcúrsaí dlí.

Bíonn an t-aturnae agus an t-abhcóide ag plé leis na cúirteanna formhór an ama, ach tá poist eile ar fáil do rúnaithe dlí, d'fheidhmeannaigh agus do chláraitheoirí agus do dhaoine a bhfuil scileanna cumarsáide láidre acu, dlítheangeolaithe agus ateangairí ina measc.

Anuas air sin, rachaidh tuiscint ar an saol dlíthiúil chun tairbhe dóibh siúd a bhfuil suim acu sna meáin agus sa pholaitíocht. Níl na constaicí céanna ann is a bhíodh, ach beidh ar fhostaithe tabhairt faoi scrúduithe iontrála agus oiliúint ghairmiúil i ndiaidh dóibh céim ollscoile a chríochnú más mian leo gairmeacha beatha mar aturnaetha nó mar abhcóidí a bhaint amach.

# Breda Ní Mhaoláin

## Ateangaire

Tá sé de chúram ar an ateangaire an focal labhartha a aistriú ó theanga amháin go teanga eile. Scil ar leith atá ann agus is mór an difríocht idir na scileanna a bhíonn in úsáid ag ateangaire agus ag aistritheoir.

Tá cuid mhaith de na hateangairí a bhfuil Gaeilge líofa acu fostaithe ag na hinstitiúidí Eorpacha agus mar sin ní mór go mbeadh ateangairí líofa i mórtheangacha na hEorpa chomh maith.

Tugann go leor céimithe faoin bpost tar éis dóibh céim sna Dána a bhaint amach. Mar sin is mór an buntáiste é teangacha iasachta agus an Ghaeilge a fhoghlaim agus a chleachtadh. Tá cúrsaí iarchéime san ateangaireacht ar fáil ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste.

Ní mór don ateangaire a bheith eolach ar chúrsaí reatha agus moltar súil a choinneáil ar an nuacht agus an téarmaíocht nua a chleachtadh ó lá go lá.



## Áiseanna ar líne

- www.translatorsassociation.ie: Cumann Aistritheoirí agus Teangairí na hÉireann.
- www.focal.ie: bunachar náisiúnta téarmaíochta don Ghaeilge.
- www.europa.eu/interpretation/index_ga.htm: ateangaireacht san Aontas Eorpach.
- www.emcinterpreting.org/: cúrsaí agus ranganna.

## Scileanna:

- cruinneas teanga
- solúbthacht
- scileanna cumarsáide
- scileanna ríomhaireachta.
- scileanna taidhleoireachta
- neamhchlaontacht

## Teangacha

Is iad na réimsí is mó ina bhfuil éileamh ar chéimithe ná aistriúchán, ateangaireacht, eagarthóireacht agus léamh profaí. Tá éileamh ar chéimithe ilteangacha a bhfuil scileanna maithe cumarsáide agus anailíse acu.

Is minic daoine a bhfuil scileanna cumarsáide maithe acu a bheith fostaithe mar chonraitheoirí ag ranna stáit agus ag comhlachtaí poiblí le go gcuirfear seirbhísí ar fáil don phobal, mar shampla bróisiúir, tuarascálacha bliantúla agus cuntais bhliantúla. Bíonn éileamh ar speisialtóirí san Aontas Eorpach atá in ann obair na n-institiúidí a dhéanamh go dátheangach.

Gairm bheatha dhúshlánach atá i ndán dóibh siúd a théann le teangacha ach tá deiseanna ann, go háirithe má tá teangacha Eorpacha eile ar a dtoil acu.

# Sinéad Ní Mhaonaigh

## Ealaíontóir

Tá roinnt coláistí ar fud na tíre ina gcuirtear cúrsaí ealaíne ar fáil. Bíonn punann ag teastáil i gcomhair na gcúrsaí seo de ghnáth agus is ceart tabhairt faoi phunann a chur le chéile an bhliain dheireanach ar scoil.

Beidh sé de rogha ag an mac léinn ábhar ar leith a roghnú tar éis na chéad bhliana agus scileanna sna hábhair seo a leanas a fhoghlaim: mínealaíona, ceirmeacht agus péinteáil.

Níl aon chúrsa ealaíne ar leith d'fhochéimithe le Gaeilge ach moltar do mhic léinn páirt a ghlacadh sna himeachtaí Gaelacha a bhíonn ar siúl sna hinstitiúidí oideachais. Ina theanna sin, tá cúrsa iarchéime ann do mhic léinn ar spéis leo dul le múinteoireacht na n-ealaíon trí Ghaeilge.



### Áiseanna ar líne:

- www.nationalgallery.ie: Dánlann Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath.
- www.imma.ie: Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Baile Átha Cliath.
- www.artscouncil.ie: An Chomhairle Ealaíon.
- www.artscouncil-ni.org: Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann.
- www.ealain.ie: cur chun cinn na n-ealaíona dúchasach.

### Scileanna:

- cruthaitheacht
- tionscnaíocht
- scileanna teicniúla
- féinmhuinín
- oscailteacht
- bainistiú ama

### Na hEalaíona

Mar is ionann le cultúr agus oidhreacht na tíre, tá an Ghaeilge agus na traidisiúin a bhaineann léi lárnach sa tuiscint atá againn ar ár bhféiniúlacht. Ní hábhar iontais é mar sin go mbíonn éileamh ar ealaíontóirí a chuireann léargas eile don saol sin ar fáil in Éirinn agus thar sáile.

Bíonn ceoltóirí, rinceoirí, aisteoirí agus scríbhneoirí a bhfuil cumas sa Ghaeilge á lorg go minic sna meáin chraolta agus ar bhonn idirnáisiúnta. Má tá do chroí istigh sna healaíona, is ceart na hábhair sin a roghnú agus cáilíocht a bhaint amach sa réimse sin más féidir. Sa chás nach bhfuil an Ghaeilge mar chuid den chúrsa ollscoile, tá deiseanna ann dioplóma sa Ghaeilge a dhéanamh go páirtaimseartha.

# Diarmaid Murtagh

## Aisteoir



Cuireann aisteoir carachtar os comhair lucht féachana trí fhriotal, comharthaíocht choirp agus gluaiseacht. De ghnáth, bíonn ar an aisteoir ciall a bhaint as obair an scríbhneora, faoi stiúir agus tacaíocht an stiúrthóra.

Tá an-chuid éagsúlachta bainteach leis an obair seo agus bíonn an t-aisteoir ag obair i láithreacha éagsúla i bhfochair foirne éagsúla an t-am go léir. Tá cúrsa sna taibhealaíona ar fáil i roinnt institiúidí ar fud na tíre. Sa chás sin tá de rogha ag an mac léinn céim sna dána a bhaint amach chomh maith le hábhar amháin eile.

Arís bíonn an-bhéim ar dhrámaíocht sna hinstitiúidí oideachais agus tá cumann drámaíochta Gaeilge sna hinstitiúidí is mó sa tír. Mar sin bíonn deiseanna ann triail a bhaint as drámaíocht trí Ghaeilge gan cúrsa ollscoile a dhéanamh.

## Áiseanna ar líne

- www.drama-gaeilge.com: cúrsaí éagsúla i rith na bliana.
- www.antoireachtas.ie: an fhéile ealaíne is mó trí mheán na Gaeilge.
- www.iftn.ie: gréasán scannán agus teilifíse na hÉireann.
- www.siol.ie: scéim forbartha do scríbhneoirí nó stiúrthóirí le Gaeilge.
- www.gaelscoileanna.ie: reáchtálann siad comórtas 'Scléip' gach bliain.
- www.gael-linn.ie: comórtais do mhic léinn.

## Scileanna:

- cumarsáid
- cumas cainte den scoth
- obair bhuíne
- foighne
- cumas coirp
- fuinneamh
- áitiú
- tráthúlacht.

# Creatoibre Náisiúnta na gCailíochtaí

Is é Creatoibre Náisiúnta na gCailíochtaí an t-aon mhodh aitheantais don oideachas agus don oiliúint in Éirinn. Tugadh Creatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí isteach sa bhliain 2003.

Go dtí sin bhí sé an-deacair comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir leibhéal agus caighdeán na gcáilíochtaí difriúla.

Córas deich leibhéal, bunaithe ar chaighdeáin eolais, scile agus inniúlachta, is ea CNC agus cuimsíonn sé dámhachtainí a dhéantar ar son gach saghais foghlama, beag beann ar cá bhfaightear iad.

San áireamh ann tá cáilíochtaí a fhaightear ar scoil, trí bhreisoideachas agus oiliúint.

## Leibhéil agus Cáilíochtaí – Cad iad?

- Leibhéal 3 = An Teastas Sóisearach.
- Leibhéal 4 = An Ardteistiméireacht.
- Leibhéal 5 = Cúrsa Iar-Ardteistiméireachta (cúrsa bliana, de ghnáth, a dhéantar i gColáiste Breisoideachais).
- Leibhéal 6 = Ardteastas Ardoideachais nó Ardteastas Breisoideachais (cúrsa dhá bhliain, de ghnáth, a dhéantar i gColáiste Breisoideachais nó in Institiúidí Teicneolaíochta).
- Leibhéal 7 = Gnáthchéim Bhaitsiléara (cúrsa trí bliana, de ghnáth, a dhéantar sna hInstitiúidí Teicneolaíochta nó sna hollscoileanna).
- Leibhéal 8 = Céim Onóracha Bhaitsiléara (cúrsa ceithre bliana, de ghnáth, a dhéantar sna hInstitiúidí Teicneolaíochta nó sna hollscoileanna).

## Roghanna tar éis na hArdteistiméireachta

Cad is féidir a dhéanamh tar éis na hArdteistiméireachta?

- Is féidir cur isteach ar an CAO (má tá fonn ar an dalta cúrsa leibhéal 6, 7 nó 8 a dhéanamh).
- Is féidir cur isteach ar chúrsa sa Bhreatain tríd an suíomh www.ucas.co.uk.
- Is féidir cur isteach ar chúrsa Iar-Ardteistiméireachta trí theagmháil a dhéanamh leis an gColáiste Breisoideachais.

## Ná déan dearmad:

- Ní mór teagmháil a dhéanamh leis an institiúid oideachais roimh ré chun a chinntiú go bhfuil riachtanais an choláiste agus an chúrsa á gcomhlíonadh.
- Le roinnt cúrsaí is féidir tosú ag leibhéal níos ísle (leibhéal 5, 6 nó 7) ach leibhéal 8 a bhaint amach sa deireadh. Tá an t-eolas sin go léir ar fáil ó na coláistí éagsúla.

## Áiseanna ar líne

- www.cao.ie
- www.saoloibre.ie
- www.careersportal.ie
- www.qualifax.ie
- www.careerdirections.ie
- www.ucas.co.uk.

# Cuireadh Chun Cainte

**Treoir phraiticiúil dóibh siúd a bheidh ag tabhairt faoi Bhéaltriail Ghaeilge na hArdteistiméireachta**




Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Urraithe ag:

teacher professional networks
Líonraí Proifisiúnta Múinteoirí

Foras na Gaeilge

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta


www.gaelport.com/cuireadhchuncainte

T: 00 353 1 639 8448 R: cuireadhchuncainte@gaelport.com